

- (ii) Luaigh dhá rud a thaitin leat sa ghearrscéal agus dhá rud nár thaitin leat ann.
4. Maidir leis an ngearrscéal *Dís* tabhair cuntas ar dhá mhothúchán, ceann a bhraith tú féin nuair a léigh tú é agus ceann eile a bhraith duine sa sliocht.

Hurlamaboc

An scríbhneoir

Éilis Ní Dhuibhne

Rugadh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1954 í. D'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhain sí PhD sa bhéaloideas sa bhliain 1982. Tá sí ag obair faoi láthair i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá saothair litríochta foilsithe aici i mBéarla agus i nGaeilge. Tá go leor gradam buaite aici. Aistríodh a saothar go hOlannais, go Rúisis, go Danmhargais, go Slóivéanais agus go teangacha eile. Is ball í d'Aosdána.

Achoimre ar an sliocht

Pósadh Lisín agus Pól Albright fiche bliain ó shin. Bhí beirt mhac acu, Ruán, a bhí ocht mbliana déag d'aois agus Cú, a bhí trí bliana déag d'aois. Bhí siad chun an ócáid a cheiliúradh agus bhí an teaghlach ag tnúth leis. Dúirt Ruán lena mháthair go mbeadh an ócáid ar fheabhas cé gur a mhalairt a chreid sé. Bhí sé de nós aige an rud a bhí a mháthair ag iarraidh a chloisteáil a rá léi. Bhí an nós sin ag gach duine.

Bhí Lisín an-sásta go deo léi féin. Phos sí Pól nuair a bhí sé ina ógfhear gan maoin gan uaimhian. Bhí sé ag obair i siopa ag an am. Thuig Lisín go raibh an-chumas ann. Anois fear léannta saibhir a bhí ann. Bhí meas ag gach duine air, bhí teach breá aige, clann mhac agus iad dathúil agus cliste. Bhí gach rud socraithe ag Lisín don chóisir. Bhí gloiní agus fíon ordaithe aici agus bhí an

reoiteoir lán le bia. Bhí fiú dara reoiteoir ar cíos aici chun breis bia blasta a chur ar fáil. Dá mbeadh an aimsir go breá bheadh an chóisir sa ghairdín acu; mura mbeadh bhí an teach mór go leor di. Bhí gach rud in ord is in eagar sa teach – péint ar na ballaí, snas ar na hurláir, bláthanna sna prócaí.

Bhí Lisín ina bean álainn agus ina bean tí den scoth. Tháinig an tUasal Mac Gabhann, comharsa, go dtí an doras chun glacadh leis an gcuireadh go dtí an chóisir. Dúirt sé le Ruán nach gcreidfeadh an saol go raibh a mháthair pósta le fiche bliain agus go raibh stócach mic aici. Bhí cuma an-óg ar Lisín. Bhí sí tanaí agus bhí gruaig fhionn uirthi. Bhí na mná go léir fionn ar an mbóthar sin, Ascaill na Fuinseoige. Bhí na fir dubh nó donn agus, a bhformhór acu, liath!

Ní raibh ach bean amháin le gruaig dhorcha

uirthi ina cónaí ar an mbóthar. B'shin Eibhlín, máthair Emma Ní Loingsigh. Shíl na mná go raibh sise aisteach. Bhí na mná go léir dathúil agus faiseanta. Chaith siad go léir smidiú agus bhíodh gúnaí oíche deasa orthu fiú agus iad ag fágáil amach an bhruscair! Bhí Lisín níos faiseanta agus níos néata ná aon bhean acu. Bhí sí foirfe.

Cé go raibh grá ag Ruán dá mháthair chuir sí laghmhisneach air an t-am ar fad. In ainneoin sin níor thug a mháthair dó ach moladh agus spreagadh. Dhún Ruán an doras nuair a d'imigh an tUasal Mac Gabhann tar éis dó a rá leis go n-inseodh sé dá mháthair go mbeadh sé ag teacht go dtí an chóisir. Chuir an duine seo isteach ar Ruán. Bhí súile géara aige ar nós múinteora agus é ag stánadh ort i gcónaí.

Aistriúchán ar an achoimre

Lisín and Paul Albright were married twenty years. They had two sons – Ruán, who was eighteen and Cú, who was thirteen. Lisín and Paul were about to celebrate their wedding anniversary and the family was looking forward to the occasion. Ruán told his mother that the occasion would be excellent even though he believed the opposite. He had a habit of telling his mother what she wanted to hear. Everyone had that habit.

Lisín was very happy indeed. She had married Paul when he was a young man without property or without ambition. He had been working in a shop at the time. Lisín realised that he had great potential. Now he was an educated, affluent man. Everyone respected him; he had a fine house and a family of sons who were handsome and intelligent. Lisín had arranged everything for the party. She had

Ní raibh post ag Lisín mar bhí ag éirí go sármhaith le Pól. Bhí seisean ina léachtóir san ollscoil i gcúrsaí gnó ach bhí airgead déanta aige cheana féin ag ceannach stoc ar an Idirlíon. Thuig sé an córas cánach agus ní raibh air an iomad cánach a íoc. Bhí árasáin agus tithe aige anseo agus ansiúd ar fuaid na hEorpa agus cíos á bhailiú aige uathu.

Mar sin bhí Lisín ina ball d'eagraíochtaí agus de chlubanna éagsúla: clubanna leabhar; clubanna carthanachta; clubanna staire agus tíreolaíochta gan trácht ar litríocht áitiúil agus garraíodóireacht. D'fhreastail sí freisin ar ranganna teangan – Spáinnis, Rúisis, Sínis, Seapáinis agus chuir sí an-suim sna scannáin agus sa drámaíocht. Bean spéisiúil ba ea í a bhí ábalta labhairt ar aon ábhar faoin ngrian.

ordered glasses and wine and the freezer was full of food. She had even rented a second freezer to make more delicious food available. If the weather was fine they would have the party in the garden; if not, the house was big enough. Everything was ship-shape in the house – the walls painted, the floors polished, the flowers in pots.

Lisín was a beautiful woman and a first-class housewife. Mr MacGabhann, a neighbour, called to the door to accept his invitation to the party. He told Ruán that no one would believe that his mother was married twenty years and that she had a grown-up son. Lisín looked very young. She was slim with blonde hair. All the women were blonde on that road, Ash Avenue. The men were either black-haired or brown-haired and most of them were grey!

There was only one black-haired woman on the road. That was Eibhlín, Emma Ní

Loingsigh's mother. The women considered her strange. All the women were good-looking and fashionable. They all wore make-up and they even wore stylish nighties when leaving out the rubbish. Lisín was more fashionable and neater than any of them. She was perfect.

Although Ruán loved his mother, she always made him feel discouraged. Despite that, all his mother gave him was praise and encouragement. Ruán closed the door when Mr MacGabhann left, telling him he'd inform his mother that he was coming to the party. This man bothered Ruán. He had piercing eyes like a teacher and he was always staring at you.

Lisín did not work because Pól was doing so

well. He was a university lecturer in business but he had already made his money buying stocks on the Internet. He understood the tax system and he didn't have to pay too much tax. He had apartments and houses here and there across Europe and was collecting rent from them.

So Lisín was a member of various clubs and organisations: book clubs; charity clubs, history and geography clubs, not to mention local history and gardening. She attended language classes – Spanish, Russian, Chinese, Japanese and she had a great interest in films and drama. She was an interesting woman who could speak about any subject under the sun.

GLÉASPHOINTÍ



- Baineann an sliocht le ré an 'Tíogair Cheiltigh'.
- Feicimid carachtair bhaothghalánta sa sliocht. Cuireann siad an-luach ar rudaí saolta (*material things*).
- Déanann an scríbhneoir scigmhagadh agus aoradh (*parodying and satirising*) ar na daoine sa sliocht.
- Tá Lisín 'foirfe' ach níl a mac Ruán ró-shásta leis féin.
- Is bean chliste í Lisín. Tá sí sainteach agus leithleach.
- Ní fios an bhfuil na daoine sa sliocht sona i ndáiríre.

Príomhimeachtaí

- ⊙ Bhí Lisín agus Pól Albright pósta le fiche bliain. Bhí cóisir le bheith acu. Bhí beirt mhac acu. Bhí Ruán ocht mbliana déag d'aois agus bhí Cú trí bliana déag d'aois.
- ⊙ Lig Ruán air go raibh sé ag tnúth leis an gcóisir. Ní raibh sé ach ba mhaith leis a mháthair a shásamh.
- ⊙ Thuig Lisín go raibh cumas i bPól. Phós sí é fiche bliain roimhe sin. Ní raibh sé ach ag obair i siopa. Ní raibh uailmhian aige. Anois b'fhear léannta saibhir é. Bhí sé ina léachtóir ollscoile sa ghnó. Bhí airgead déanta aige as árasáin ar fuaid na hEorpa.
- ⊙ Bhí an reoiteoir lán le bia. Bhí ceann eile ar cíos ag Lisín. Bhí an teach in ord agus in eagar don chóisir.

- ⊙ Tháinig an t-Uasal Mac Gabhann go dtí an doras. Dúirt sé go raibh cuma an-óg ar Lisín. Bhí sin fíor. Bhí sí fionn, tanaí agus faiseanta. Níor thaitin an fear seo le Ruán. Bhí súile géara aige.
- ⊙ Bhí na mná go léir fionn ar Ascaill na Fuinseoige ach amháin Bean Uí Loingsigh. Bhí sise aisteach inti féin, dar leis na mná eile. Gruaig dhubh a bhí uirthi.
- ⊙ Chaith na mná eile éadaí faiseanta agus smidiú i gcónaí ach bhí Lisín foirfe.
- ⊙ Ní raibh post aici taobh amuigh den teach mar bhí Pól an-saibhir. Théadh sí go ranganna teangacha. Bhí sí ina ball de chlubanna éagsúla. Bhí suim aici freisin sa drámaíocht agus sna scannáin.
- ⊙ Bhí sí ábalta caint ar ábhar ar bith, mar sin.

Cur síos gearr ar na príomhphearsana

Lisín Albright

- * Bean sháibhir fhaiseanta ba ea í.
- * Bhí an-uaimhian (*ambition*) aici.
- * Bhí sí an-sásta léi féin mar, dar léi, bhí an bua aici sa saol.
- * Bhí sí údarásach. D'eagraigh sí gach rud sa teach, mar shampla an chóisir agus saol gach duine.
- * Bhí eagla ar a mac roimpi mar dúirt sé léi an rud ba mhaith léi a chloisteáil.
- * Chuir sí an-luach go deo ar rudaí saolta: teach den scoth, éadaí, ranganna teanga agus mar sin de.

Pól Albright

- * Ba léachtóir gnó é anois. Ní raibh uaimhian aige agus é ina fhear óg.
- * Ní raibh sé ach ag obair i siopa san am sin. Rinne Lisín deimhin de gur éirigh go maith leis ina dhiaidh sin.
- * Bhí tithe agus árasáin aige. Thuig sé cúrsaí cánach go maith.
- * Níor íoc sé mórán cánach mar sin.
- * B'fhear rathúil é. Bhí meas ag gach uile dhuine air.

Cú Albright

Cuán an t-ainm iomlán a bhí air. Thug gach duine Cú air. Bhí sé trí bliana déag d'aois. Bhí sé cliste agus dathúil. Bhí seisean ag tnúth leis an gcóisir.

Ruán Albright

Bhí sé ocht mbliana déag d'aois. Fear óg cliste dathúil ba ea é. Bhí grá aige dá mháthair. Ba mhinic a chuir sí lagmhisneach air. Ní raibh sé ag tnúth leis an gcóisir. Bheadh sé 'crap', dar leis. Ní dúirt sé an méid seo lena mháthair. Níor thaitin an tUasal Mac Gabhann leis. Bhí súile géara aige. Seans nach raibh sé ró-shona ann féin cé go raibh a mhuintir go maith as.